Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/90732

15.11.2024

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 150,14 Meitheamh 2018)*

1. Ar leathanach 40, Airteagal 34(2):

*in ionad:* ‘2. Oibreoirí a dhíolann táirgí orgánacha réamhphacáilte go díreach leis an tomhaltóir deiridh nó leis an úsáideoir deiridh, beidh siad díolmhaithe ón oibleagáid maidir le fógra a thabhairt dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus ón oibleagáid maidir le deimhniú a bheith ina seilbh acu dá dtagraítear in Airteagal 35(2) ar an gcoinníoll nach dtáirgeann siad, nach n-ullmhaíonn siad, nach stórálann siad, seachas i ndáil leis an bpointe díola, nó nach n-allmhairíonn siad táirgí mar sin ó thríú tír ná gníomhaíochtaí mar sin a ligeann ar fochonradh chuig oibreoir eile.’,

*léitear:* ‘2. Oibreoirí a dhíolann táirgí orgánacha réamhphacáilte go díreach leis an tomhaltóir deiridh nó leis an úsáideoir deiridh, beidh na hoibreoirí sin díolmhaithe ón oibleagáid fógra a thabhairt dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus ón oibleagáid maidir le deimhniú a bheith ina seilbh acu dá dtagraítear in Airteagal 35(2) ar an gcoinníoll nach dtáirgeann siad, nach n-ullmhaíonn siad, nach stórálann siad, seachas i ndáil leis an bpointe díola, nó nach n-allmhairíonn siad táirgí den sórt sin ó thríú tír, ná nach ligeann siad gníomhaíochtaí den sórt sin ar fochonradh chuig oibreoir eile.’.

2. Ar leathanach 41, Airteagal 35(8):

*in ionad:* ‘8. Féadfaidh na Ballstáit díolúine ón oibleagáid maidir le deimhniú a bheith ina seilbh acu, dá bhforáiltear i mír 2, a thabhairt d’oibreoirí a dhíolann táirgí orgánacha neamhphacáilte seachas beatha go díreach leis an tomhaltóir deiridh, ar an gcoinníoll nach dtáirgeann, nach n-ullmhaíonn nó nach stórálann na hoibreoirí sin táirgí mar sin seachas ag an bpointe díola nó nach n-allmhairíonn siad táirgí mar sin ó thríú tír nó nach ligeann siad gníomhaíochtaí mar sin ar fochonradh chuig tríú páirtí:

(a) suas le 5 000 cileagram in aghaidh na bliana;

(b) arb ionann é agus láimhdeachas bliantúil nach mó ná 20 000 Euro ar tháirgí orgánacha neamhphacáilte; nó

(c) le costais féideartha deimhniúcháin níos mó ná 2 % den láimhdeachas ar tháirgí orgánacha neamhphacáilte arna ndíol ag na hoibreoirí sin.’,

*léitear:* ‘8. Féadfaidh na Ballstáit díolúine ón oibleagáid maidir le deimhniú a bheith ina seilbh acu, dá bhforáiltear i mír 2, a thabhairt d’oibreoirí a dhíolann táirgí orgánacha neamhphacáilte seachas beatha go díreach leis an tomhaltóir deiridh, ar an gcoinníoll nach dtáirgeann, nach n-ullmhaíonn nó nach stórálann na hoibreoirí sin táirgí den sórt sin seachas i ndáil leis an bpointe díola, nó nach n-allmhairíonn siad táirgí den sórt sin ó thríú tír, nó nach ligeann siad gníomhaíochtaí den sórt sin ar fochonradh chuig tríú páirtí, agus ar an gcoinníoll:

(a) nach sáraíonn na díolacháin sin 5 000 cileagram in aghaidh na bliana;

(b) nach ionann na díolacháin sin agus láimhdeachas bliantúil i ndáil le táirgí orgánacha neamhphacáilte ar mó iad ná 20 000 Euro; nó

(c) go bhfuil costais féideartha deimhniúcháin an oibreora níos mó ná 2 % de láimhdeachas iomlán ar tháirgí orgánacha neamhphacáilte arna ndíol ag an oibreoir sin.’.